Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**CÁIN MHAOINE ÁITIÚIL A ATHRÚ - FÓGRA MAIDIR LE BREITHNIÚ A DHÉANAMH I dTAOBH FACHTÓIR COIGEARTAITHE ÁITIÚIL A SHOCRÚ (AN RÁTA CÁNACH MAOINE ÁITIÚLA A MHÉADÚ/A LAGHDÚ NÓ AN RÁTA SIN A FHÁGÁIL GAN ATHRÚ)**

---

Leis an Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012 (arna leasú), foráil go sonrach go bhféadfaidh ionadaithe tofa údaráis áitiúil rún foirmiúil a rith chun bunráta na Cánach Maoine Áitiúla ina limistéar riaracháin a athrú de réir céatadán ar a dtugtar an fachtóir coigeartaithe áitiúil.

Le linn an chruinnithe atá socraithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun an t-ábhar seo a bhreithniú, féadfaidh na comhaltaí fachtóir coigeartaithe áitiúil a shocrú laistigh de raon +/- 15% den bhunráta nó féadfaidh siad a cinneadh a dhéanamh gan an bunráta a choigeartú.

Tiocfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le chéile i mí Mheán Fómhair 2024 chun breithniú a dhéanamh i dtaobh fachtóir coigeartaithe áitiúil a shocrú.

Fáiltíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe roimh aighneachtaí i scríbhinn ón bpobal maidir leis an ábhar seo,a chlúdaíonn go sonrach na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do ghnólachtaí, do dhaoine aonair agus do sheirbhísí údaráis áitiúil mar thoradh ar athrú a dhéanamh ar bhunráta na Cánach Maoine Áitiúla.

**Ní mór aighneachtaí a bheith faighte againn faoin 18ú Lúnasa 2024 agus ní mór iad a sheoladh chuig:**

> **Rannóg na gCuntas Iníoctha (aighneachtaí Cánach Maoine Áitiúla)**, An Roinn Airgeadais, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh H91 H6KX
>
> nó

ar **ríomhphost chuig:** **lpt@galwaycoco.ie**

Michael Owens,

Príomhfheidhmeannach Gníomhach

18 Iúil 2024